CooperSurgical
Fertility and Genomic Solutions

## A. MAIDIR LEIS AN BPOLASAÍ SEO

Táimid tiomanta do do phríobháideacht a chosaint agus táirgí agus seirbhísí gairmiúla luachmhara á soláthar againn duit.

Tugtar achoimre sa Pholasaí um Phríobháideacht Sonraí seo ("**Polasaí**" chomh maith) ar na rudaí seo: cathain, cén fáth agus conas a bhailímid, a úsáidimid agus a láimhseálaimid ("**próiseáil**" le chéile) faisnéis phearsanta faoinár gcustaiméirí, custaiméirí féideartha, comhpháirtithe gnó agus úsáideoirí suíomhanna gréasáin ("**Daoine is Ábhar do na Sonraí**"). Is éard is "**Sonraí Pearsanta**" ann ná aon fhaisnéis a bhaineann leatsa, ar féidir í a úsáid chun tú a aithint go pearsanta, go díreach nó go hindíreach.

Féadfaimid do Shonraí Pearsanta a phróiseáil, mar a ndéantar cur síos air sa Pholasaí um Príobháideacht Sonraí seo agus nuair a bhailímid sonraí uait. Ní mór ár bPolasaí Príobháideachta a léamh in éineacht le haon fógraí dlíthiúla nó téarmaí agus coinníollacha eile a sholáthraítear duit agus do shonraí á mbailiú againn (nó níos déanaí) nó atá ar fáil ar leathanaigh eile den suíomh gréasáin.

Nuair a úsáideann tú ár suíomhanna gréasáin, próiseálfaimid do chuid Sonraí Pearsanta, arna mbailiú trí fhianáin a úsáid, i gcomhréir lenár bPolasaí Fianán. Féach ar ár bPolasaí Fianán.

## B. CÉ ATÁ FREAGRACH AS DO CHUID SONRAÍ?

Tá muidne, CooperSurgical, a bhfuil ár gceannoifig Eorpach ag: Knardrupvej 2, 2760 Målov, An Danmhairg
– inár rialaitheoir sonraí ar do Shonraí Pearsanta. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag dpo@coopersurgical.com.

Nuair a chomhroinneann CooperSurgical Sonraí Pearsanta le Cleamhnaithe CooperSurgical ("**Cleamhnaithe**", is iad sin ár bhfochuideachtaí, ár gcuideachta sealbhaíochta deiridh agus a fochuideachtaí), bíonn na Cleamhnaithe ina rialtóirí sonraí freisin mar a ndéantar cur síos air sa Pholasaí um Príobháideacht Sonraí seo. Tá sonraí na gCleamhnaithe, lena n-áirítear a suíomhanna, liostaithe thíos.

**CooperSurgical Fertility & Genomic Solutions (Ceanncheathrú)**
Knardrupvej 2
2760
Måløv
An Danmhairg
Teileafón: +45 46790200
Seirbhís do Chustaiméirí: +45 46790202
Facs: +45 46790302
Ríomhphost: customerservice@origio.com

**ORIGIO France**
93, rue des
Chantiers 78000
Versailles An
Fhrainc
Teileafón: +33 (0)1 30 97 48 00
Facs: +33 (0)1 30 97 10 85
Ríomhphost: contact-france@origio.com

**ORIGIO ITALIA S.p.A.**
Viale Shakespeare, 47, int 2/A
00144 Roma Eur
Teileafón: +39 055 571476 – 5048335
Facs: +39 055 5000889
Seoladh Ríomhphoist: Contact-IT@coopersurgical.com

**ORIGIO MediCult España S.L**
World Trade Center
Moll de Barcelona s/nº
Edificio Nord, Pl. 4ª, módulos 414-415
08039 Barcelona, An Spáinn
Teileafón: +34 93 199 81 18
Teileafón: +34 93 199 81 19
Facs: +34 93 362 36 11
Seoladh Ríomhphoist: barcelona@origio.com

**ORIGIO GmbH**
Leibnizstraße 32
10625
Beirlín An
Ghearmái
n
Teileafón: +49 30 8573 0150
Facs: +49 30 8573 0151
Seoladh Ríomhphoist: info@origio.com

**CooperSurgical**
95 Corporate Drive
Trumbull, CT
06611 Stáit
Aontaithe
Mheiriceá
Teileafón: 800-648-1151
Seirbhís do Chustaiméirí: 856-
762-2000 Facs: 856-762-2009

Seoladh Ríomhphoist: orders@origio.us.com

**ORIGIO Benelux B.V.**
Bergseweg 4
3633AK
Vreeland An
Ísiltír
Teileafón: +31 (0) 294 267126
Facs: +31(0) 294 230606
Seoladh Ríomhphoist: salesbx@origio.com

**CooperSurgical**
Hamilton House
Mabledon Place Londain
WC1H
9BB An
Ríocht
Aontait
he
Ríomhphost: customerservice.uk@origio.com

**CooperGenomics Nottingham**
Medicity
D6
Building
Thane
Road
Nottingham, UK, NG90 6BH

**CooperGenomics MI**
705 S Main St.
Plymouth, MI, Stáit Aontaithe Mheiriceá 48170

**CooperGenomics CA**
Olympic Plaza Building
11500 Olympic Blvd. Suite
360
Los Angeles, CA, Stáit Aontaithe Mheiriceá 90064

**CooperGenomics TX**
1200 Binz St. Suite
1180 Houston, TX,
Stáit Aontaithe
Mheiriceá 77004

**Research Instruments**
Bickland Industrial Park Falmouth,
Cornwall, An Ríocht Aontaithe TR11 4TA

Sa Pholasaí um Príobháideacht Sonraí seo, déanann “muid” nó “ár” tagairt do CooperSurgical agus/nó do na Cleamhnaithe. Déanann “tú” agus “do” tagairt do na Daoine is Ábhar do na Sonraí.

## C. CAD IAD NA SONRAÍ A PHRÓISEÁLAIMID AGUS CÉN FÁTH?

**Áirítear leis na cineálacha faisnéise a bhféadfaimid bailiú uait, ag brath ar d'idirghníomhaíocht linn (m.sh. conas a úsáideann tú ár suíomhanna gréasáin), agus ar na cuspóirí próiseála:**

| Catagóir an Duine is Ábhar do na Sonraí | An cineál faisnéise | Na cuspóirí próiseála | Bonn dlíthiúil na próiseála |
|---|---|---|---|
| Clinicí agus Dochtúirí | • d'ainm<br>• do sheoladh (seoladh gnó agus pearsanta)<br>• do sheoladh ríomhphoist<br>• d'uimhreacha teileafóin (uimhreacha gnó agus pearsanta)<br>• do stair cheannacháin<br>• Teideal oibre<br>• Earnáil Poist Cainéil meán | • earraí a ceannaíodh uainn a sheoladh chugat<br>• seirbhísí a ceannaíodh uainn a sholáthar<br>• aontú atá againn leatsa íocaíochtaí a bhailiú uait, sonraisc, ráitis, meabhrúcháin athnuachana seirbhíse agus meabhrúcháin íocaíochta a sheoladh<br>• cumarsáid thráchtála neamh-mhargaíochta a sheoladh chugat<br>• cumarsáid mhargaíochta (lena n-áirítear ár nuachtlitir ríomhphoist) a bhaineann lenár dtáirgí agus seirbhísí a sheoladh chugat, sa chás gur iarr tú amhlaidh | • chun cloí lenár n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála<br>• aontú atá againn leatsa a fheidhmiú<br>• do thoiliú (sa chás gur iarradh agus gur soláthraíodh é) |

| Catagóir an Duine is Ábhar do na Sonraí | An cineál faisnéise | Na cuspóirí próiseála | Bonn dlíthiúil na próiseála |
|---|---|---|---|
| Custaiméirí féideartha | • d'ainm<br>• do sheoladh (seoladh gnó agus pearsanta)<br>• do sheoladh ríomhphoist<br>• d'uimhreacha teileafóin (uimhreacha gnó agus pearsanta) | • cumarsáid mhargaíochta (lena n-áirítear ár nuachtlitreacha ríomhphoist) a bhaineann lenár dtáirgí, seirbhísí, nuacht eolaíochta agus earnála a sheoladh chugat, sa chás gur iarr tú amhlaidh | • do thoiliú (sa chás gur iarradh agus gur soláthraíodh é) |
| Custaiméirí (lena n-áirítear clinicí) | • d'ainm<br>• do sheoladh (seoladh gnó agus pearsanta)<br>• do sheoladh ríomhphoist<br>• d'uimhreacha teileafóin (uimhreacha gnó agus pearsanta)<br>• do theideal poist, ról | • earraí a ceannaíodh uainn a sheoladh chugat<br>• seirbhísí a ceannaíodh uainn a sholáthar<br>• aontú atá againn leatsa a fheidhmiú, lena n-áirítear íocaíochtaí a bhailiú uait, sonraisc, ráitis, meabhrúcháin athnuachana agus meabhrúcháin íocaíochta a sheoladh<br>• cumarsáid thráchtála neamh-mhargaíochta a sheoladh chugat<br>• cumarsáid mhargaíochta (lena n-áirítear ár nuachtlitir ríomhphoist) a bhaineann lenár dtáirgí agus seirbhísí a sheoladh chugat, sa chás gur iarr tú amhlaidh | • chun cloí lenár n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála<br>• aontú atá againn leatsa a fheidhmiú<br>• do thoiliú (sa chás gur iarradh agus gur soláthraíodh é) |

| Catagóir an Duine is Ábhar do na Sonraí | An cineál faisnéise | Na cuspóirí próiseála | Bonn dlíthiúil na próiseála |
|---|---|---|---|
| Díoltóir agus díoltóirí féideartha | • d'ainm<br>• do sheoladh (seoladh gnó agus pearsanta)<br>• do sheoladh ríomhphoist<br>• d'uimhreach a teileafóin (uimhreacha gnó agus pearsanta)<br>• do theideal poist, ról | • earraí agus seirbhísí uait a ordú<br>• ceisteanna a chur faoi earraí agus seirbhísí a fhéadfaidh tú a sholáthar dúinn<br>• cumarsáid thráchtála neamh-mhargaíochta a sheoladh chugat<br>• aontú atá againn leatsa a fheidhmiú, lena n-áirítear orduithe ceannaigh a eisiúint chugat agus íocaíochtaí a dhéanamh leat | • chun cloí lenár n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála<br>• aontú atá againn leatsa a fheidhmiú<br>• do thoiliú (sa chás gur iarradh agus gur soláthraíodh é) |
| Úsáideoirí ár suíomhanna gréasáin | • fianáin<br>• seoladh IP<br>• suíomh geografach<br>• cineál agus leagan brabhsálaí<br>• córas oibriúcháin<br>• faisnéis faoi do chuairteanna agus úsáid ár suíomhanna gréasáin agat | • ár suíomhanna gréasáin a riaradh<br>• ár suíomhanna gréasáin a phearsantú<br>• a chur ar do chumas úsáid a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil ar ár suíomhanna gréasáin | • chun cloí lenár n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála<br>• aontú atá againn leatsa a fheidhmiú<br>• do thoiliú (sa chás gur iarradh agus gur soláthraíodh é) |

**Ár guspóirí gnó** – féadfaimid do Shonraí Pearsanta a úsáid freisin chun críocha gnó inmheánaigh (ár leasanna dlisteanacha) cosúil le:

- coimeád taifead, anailís staitistiúil, tuairisciú inmheánach agus cuspóirí taighde;
- chun na gearáin a dhéanann tú a fhiosrú;
- chun fianaise a sholáthar i ndíospóidí nó i ndíospóidí réamh-mheasta idir tusa agus muidne;
- chun calaois agus cionta coiriúla eile a bhrath agus a chosc agus chun

rioscaí a bhainistiú;

- ar mhaithe le hathshlánú gnó agus athshlánú ó thubaiste (m.sh. chun cúltacaí a chruthú);
- chun an tslándáil líonra agus faisnéise a chinntiú;

- teagmháil a dhéanamh leat mar ionadaí cuideachta ar custaiméir nó díoltóir é/í i dtaca lenár gcaidreamh leis an gcuideachta sin;
- teagmháil a dhéanamh leat mar ionadaí cuideachta a cheapaimid gur custaiméir nó díoltóir féideartha é/í;
- teagmháil a dhéanamh leat i dtaca le cúiseanna carthanachta lena dtacaímid;
- chun ár suíomhanna gréasáin a óstáil, a chothabháil agus tacú lena bhfeidhmíocht, lena n-áirítear gnéithe éagsúla suíomhanna gréasáin a chur in oiriúint chun d'eispéireas a fheabhsú;
- chun doiciméid agus sonraí a choimeád/stóráil;
- chun cearta, maoin agus/nó sábháilteacht CooperSurgical, a gcleamhnaithe, a phearsanra agus daoine eile a chosaint; agus
- chun cáilíocht seirbhísí a chinntiú dár gcliaint agus do Dhaoine eile is Ábhar do na Sonraí.

Creidimid nach iomarcach ná rófhiosrach an riosca atá ann do do chearta cosanta sonraí a bhaineann leis na Sonraí Pearsanta a phróiseálaimid bunaithe ar ár leasanna dlisteanacha. Tá cosaintí do do chearta curtha i bhfeidhm againn chomh maith trí thréimhsí coinneála agus rialuithe slándála a chinntiú.

Ina theannta sin, féadfaimid do Shonraí Pearsanta a úsáid do na cuspóirí breise ar leith a chuirtear in iúl agus do Shonraí Pearsanta á mbailiú.

Má roghnaíonn tú gan na Sonraí Pearsanta arna n-iarraidh againn a sholáthar, seans nach mbeimid in ann na táirgí agus/nó seirbhísí iarrtha a sholáthar duit ná an cuspóir/na cuspóirí a chomhlíonadh ar iarradh na Sonraí Pearsanta ina leith.

## D. CONAS AGUS CATHAIN A CHOMHROINNIMID SONRAÍ LE TRÍÚ PÁIRTITHE?

Bíonn tríú páirtithe rannpháirteach i dtáirgí agus/nó seirbhísí áirithe againn a sholáthar. Ní dhéanaimid Sonraí Pearsanta a dhíol le tríú páirtithe, ná a thabhairt amach ar cíos, a dháileadh nó a chur ar fáil dóibh ar bhealach eile ar bhonn tráchtála, seachas sa chás go bhféadfaimid faisnéis a chomhroinnt laistigh den ghrúpa cuideachtaí againn, lenár soláthraithe seirbhíse agus le tríú páirtithe eile chun críocha na gcuspóirí atá sa Pholasaí seo:

### a) Sonraí a chomhroinnt laistigh de ghrúpa CooperSurgical

Féadfaidh CooperSurgical do Shonraí Pearsanta a chomhroinnt leis na Cleamhnaithe:

- nuair is gá dúinn amhlaidh a dhéanamh chun na táirgí agus/nó seirbhísí nó an

- fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar; mar shampla, déanaimid do Shonraí Pearsanta a aistriú chuig na Stáit Aontaithe agus an Afraic Theas.
- má aontaíonn tú leis (m.sh. nuair a thugann tú toiliú dúinn comhrá margaíochta a dhéanamh leis na Cleamhnaithe)

**b) Sonraí a chomhroinnt le soláthraithe seirbhíse**

Déanaimid do Shonraí Pearsanta a chomhroinnt freisin lenár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, a úsáidimid chun seirbhísí éagsúla a sholáthar, maidir leis na nithe seo:

- seachadtaí táirgí (m.sh. cúiréirí agus clinicí);
- seirbhísí margaíochta agus fógraíochta (m.sh. gníomhaireachtaí margaíochta, gníomhaireachtaí idirghníomhacha, soláthraithe réitigh ríomhphoist);
- ár suíomhanna gréasáin (m.sh. óstáil agus cothabháil ár suíomhanna gréasáin);
- Seirbhísí agus réitigh TF (m.sh. stóras sonraí a sholáthar, cabhair le bainistíocht bunachar sonraí);

Rinneamar na soláthraithe seirbhíse seo a roghnú go cúramach agus rinneamar beart chun a chinntiú go gcosnaítear do Shonraí Pearsanta go cuí. Bíonn ar ár soláthraithe seirbhíse cloí le conradh scríofa chun na Sonraí Pearsanta a sholáthraítear dóibh a phróiseáil chun seirbhís ar leith a sholáthar dúinn agus chun bearta cuí slándála a chaomhnú lena gcosnaítear do chuid Sonraí Pearsanta.

**c) Sonraí a chomhroinnt le faighteoirí eile**

Féadfaimid do Shonraí Pearsanta a chomhroinnt freisin:

- leis na cuntasóirí, iniúchóirí nó dlíodóirí againn, nó le comhairleoirí comhchosúla a n-iarraimid orthu comhairle ghairmiúil a sholáthar dúinn;
- le haon tríú páirtí eile sa chás go bhfuil dualgas orainn do Shonraí Pearsanta a nochtadh nó a chomhroinnt, chun cloí le hoibleagáid dhlíthiúil, nó chun cearta, maoin agus/nó sábháilteacht CooperSurgical, a Chleamhnaithe, a phearsanra agus daoine eile a chosaint;
- le haon tríú páirtí eile chun gníomhú i gcomhréir le riachtanais na cúirte, an rialtóra nó ghníomhaireacht an rialtais, mar shampla chun cloí le hordú cúirte nó chun gníomhú i gcomhréir le dlí nó rialachán infheidhme; nó
- le hinfheisteoirí nó tríú páirtithe ábhartha eile i gcás díolacháin fhéideartha nó idirbhirt chorparáidigh eile a bhaineann le CooperSurgical agus/nó le haon cheann dá Chleamhnaithe.

## E. AISTRITHE IDIRNÁISIÚNTA SONRAÍ PEARSANTA

Nuair a dhéantar do Shonraí Pearsanta a aistriú chuig Cleamhnaithe, soláthraithe seirbhíse nó faighteoirí eile, nó idir eatarthu, is féidir iad a sheoladh chuig suíomhanna lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("**LEE**"), suíomhanna nach bhfuil an

leibhéal céanna cosanta acu is atá ag suíomhanna i dtíortha LEE, lena n-áirítear tríú tíortha nach bhfuil cumhdaithe ag cinneadh leordhóthanacha an Choimisiúin Eorpaigh, mar shampla: SAM agus an Afraic Theas

Ní ceadmhach dúinn do Shonraí Pearsanta a aistriú chuig suíomhanna lasmuigh den LEE ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- nuair a dhéantar na sonraí a aistriú chuig suíomh, trí mhodh nó i gcúinsí a mheasann an Coimisiún Eorpach go dtugann siad cosaint leordhóthanach do do Shonraí Pearsanta;
- nuair a bhíonn clásail chaighdeánacha um chosaint sonraí, arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach nó ag údarás ábhartha um chosaint sonraí, curtha i bhfeidhm againn; nó
- mura bhfuil feidhm ag na cásanna thuas ach go bhfuil cead dlíthiúil againn amhlaidh a dhéanamh fós, mar shampla más gá na sonraí a aistriú chun conradh arna thabhairt i gcrích leat nó ar mhaithe leat a chur i gcrích, nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a chur i bhfeidhm nó a chosaint.

Is féidir leat tuilleadh mionsonraí a fháil faoi na cosaintí atá curtha i bhfeidhm againn maidir le haistriú Sonraí Pearsanta chuig suíomhanna lasmuigh den LEE agus, más infheidhme, cóip de na clásail chaighdeánacha um chosaint sonraí atá curtha i bhfeidhm againn, ach teagmháil a dhéanamh linn ag: dpo@coopersurgical.com

## F. CÉ CHOMH FADA A STÓRÁLAIMID SONRAÍ PEARSANTA?

Is é ár bpolasaí do Shonraí Pearsanta a stóráil fad is a bhíonn sé riachtanach don chuspóir nó do na cuspóirí ar leith dár mbailíodh iad (m.sh. chun comhaontú leat a chomhlíonadh). Bíonn oibleagáid orainn uaireanta, áfach, roinnt Sonraí Pearsanta a stóráil ar feadh níos mó ama, ag cur tosca áirithe san áireamh, mar shampla:

- oibleagáid dhlíthiúil/oibleagáidí dlíthiúla faoin dlí is infheidhme chun sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse áirithe ama (m.sh. riachtanais maidir le cáin agus cuntasaíocht a chomhlíonadh);
- éilimh dhlíthiúla a bhunú, a chur i bhfeidhm nó a chosaint (m.sh. chun críocha díospóide féideartha).

Leanaimid orainn de do Shonraí Pearsanta a phróiseáil, ach cinnteoimid go ndéanfar é sin i gcomhréir leis an bPolasaí um Príobháideacht Sonraí seo. Seachas sin, déanaimid do Shonraí Pearsanta a scriosadh nó a anaithnidiú nuair a bhímid críochnaithe leo.

Más mian leat a fháil amach cé chomh fada agus a choinnímid do Shonraí Pearsanta ar mhaithe le cuspóir áirithe, déan teagmháil linn ag: dpo@coopersurgical.com. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi cé chomh fada agus a stóráiltear fianáin, breathnaigh ar ár bPolasaí Fianán.

## G. CONAS A CHOSNAÍMID DO SHONRAÍ?

Admhaímid go bhféadfadh do Shonraí Pearsanta bheith faoi rún. Déanfaimid do Shonraí Pearsanta a choimeád faoi rún agus a chosaint i gcomhréir lenár bPolasaí um Príobháideacht Sonraí agus leis na dlíthe is infheidhme, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679 (“**GDPR**”).

Tá bearta slándála teicneolaíochta agus oibríochtúla curtha i bhfeidhm againn chun do Shonraí Pearsanta a chosaint ar chaillteanas, ar mhí-úsáid nó ar athrú nó scrios neamhúdaraithe. Áirítear lena leithéid de bhearta na rudaí seo a leanas: úsáid ballaí dóiteáin, criptiúchán, próisis chearta um bainistíocht cearta rochtana, roghnú cúramach próiseálaithe agus bearta réasúnta teicniúla agus tráchtála eile chun do Shonraí Pearsanta a chosaint go cuí. Más iomchuí, féadfaimid cóipeanna cúltaca a dhéanamh agus meáin eile den saghas sin a úsáid chun damáiste tionóisceach do do Shonraí Pearsanta nó scrios na sonraí sin a chosc. Buíochas leis na bearta seo déantar leibhéal cuí slándála a chinntiú maidir leis na rioscaí a bhaineann le nádúr agus próiseáil na Sonraí Pearsanta atá le cosaint.

Tabhair faoi deara, áfach, nach féidir slándáil na faisnéise a sheolann tú chugainn thar an Idirlíon a rathú go hiomlán. Bainfimid úsáid as córas aitheanta sláníocaíochta ar líne chun aon íocaíochtaí uait ar líne a phróiseáil.

I gcás sáraithe ar do Shonraí Pearsanta, go mb'fhéidir go mbaineann riosca

tromchúiseach leis, cuirfear ar an eolas thú ar an bpointe.

## H. DO CHEARTA

Déantar na cearta ar féidir leat a chur i bhfeidhm a mhíniú sa chuid seo a leanas. Ní cearta iomlána na cearta éagsúla agus tá gach ceart faoi réir ag eisceachtaí nó cáilíochtaí áirithe i gcomhréir leis an RGCS agus le forálacha eile an dlí um príobháideacht sonraí atá infheidhme i gcoitinne.

- **An ceart chun bheith ar an eolas** – tá an ceart agat faisnéis shoiléir thrédhearcach, atá intuigthe go héasca, a fháil faoin gcaoi a n-úsáidimid do Shonraí Pearsanta. Sin an fáth go bhfuil faisnéis á soláthar againn sa Pholasaí um Príobháideacht Sonraí seo agus in aon fógraí dlíthiúla nó téarmaí agus coinníollacha a fhaigheann tú.
- **An ceart rochtana** – tá an ceart agat deimhniú a fháil uainn maidir le cibé an bhfuil do Shonraí Pearsanta á bpróiseáil againn, mar aon le faisnéis áirithe eile (cosúil leis an bhfaisnéis sa Pholasaí seo) faoin gcaoi a bhfuil na sonraí á n-úsáid. Tá an ceart agat freisin do Shonraí Pearsanta a rochtain, trí chóip a iarraidh de na Sonraí Pearsanta a bhaineann leat. Déantar amhlaidh chun a chinntiú go bhfuil a fhios agat go bhfuil d'fhaisnéis á húsáid againn i gcomhréir leis an dlí um chosaint sonraí agus gur féidir é sin a sheiceáil. Is féidir linn diúltú d'fhaisnéis a sholáthar sa chás go bhféadfadh sé sin sonraí pearsanta duine éigin eile a nochtadh nó tionchar diúltach a imirt ar chearta an duine sin.
- **An ceart chun ceartaithe** – is féidir leat iarraidh orainn bearta a dhéanamh chun do Shonraí Pearsanta a cheartú má tá na sonraí sin míchruinn nó neamhiomlán (m.sh. má tá ainm nó seoladh mícheart againn duit).
- **An ceart chun scriosta** – tugtar ‘an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad’ ar an gceart seo chomh maith agus, chun é a rá ar bhealach simplí, ligeann sé duit iarraidh ar do Shonraí Pearsanta a scriosadh nó a bhaint, mar shampla mura bhfuil cúis iontach ann chun leanúint lena n-úsáid nó má tá sé neamhdhleathach úsáid a bhaint astu. Ní ceart ginearálta chun scriosta é seo, áfach, agus tá roinnt eisceachtaí ann, m.sh. nuair is gá dúinn an fhaisnéis a úsáid chun éileamh dlíthiúil a chosaint nó chun oibleagáid dlíthiúil a chomhlíonadh.
- **An ceart chun próiseáil a shrianadh** – tá an ceart agat úsáid bhreise do Shonraí Pearsanta a ‘bhacadh’ nó a shochtadh agus iarratas ar cheartú á mheas againn nó mar rogha ar scriosadh. Nuair a bhíonn an phróiseáil srianta, is féidir linn do Shonraí Pearsanta a stóráil go fóill ach ní féidir linn úsáid bhreise a bhaint astu.
- **An ceart chun iniomparthacht sonraí** – tá an ceart agat Sonraí áirithe Pearsanta a fháil agus a athúsáid ar mhaithe le do chuspóirí féin, thar raon eagraíochtaí éagsúla (ar rialtóirí sonraí ar leith iad). Ní bhaineann sé seo ach leis na Sonraí Pearsanta a fuaireamar uait, atá á bpróiseáil againn le toiliú uait agus chun conradh a chomhlíonadh, a ndéantar iad a phróiseáil trí mheáin uathoibrithe. Sa chás sin, tabharfaimid cóip de do shonraí chugat i bhformáid struchtúrtha a úsáidtear go minic agus atá inléite ag meaisín. Nó (má tá sé indéanta ó thaobh na teicneolaíochta) féadfaimid do shonraí a tharchur go díreach chuig rialtóir sonraí ar leith.

**An ceart chun agóid a dhéanamh** – tá an ceart agat agóid a dhéanamh i gcoinne chineálacha áirithe próiseála, ar chúiseanna a bhaineann le do chás áirithe, ag am ar bith chomh fada agus a dhéantar an phróiseáil ar mhaithe le leasanna dlisteanacha arna lorg ag CooperSurgical, ag na Cleamhnaithe nó ag faighteoir sonraí. Tabharfar cead dúinn leanúint de na Sonraí Pearsanta a phróiseáil más féidir linn a thaispeáint go ndéantar na sonraí a phróiseáil ar chúiseanna iontacha dlisteanacha a sháraíonn do chuid leasanna, ceart agus saoirsí, nó gur gá dúinn na sonraí a phróiseáil chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a chur i bhfeidhm nó a chosaint. Má dhéanann tú agóid i gcoinne phróiseáil na Sonraí Pearsanta agat chun críocha na margaíochta dírí, stopfaimid de do Shonraí Pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch sin.

- **An ceart chun toiliú a aistarraingt** – má thugann tú toiliú dúinn chun do Shonraí Pearsanta a phróiseáil, tá an ceart agat an toiliú sin a aistarraingt am ar bith. Má dhéantar amhlaidh, ní bhíonn aon tionchar aige ar dhlisteanacht na próiseála a tharla roimh a leithéid d'aistarraingt.

## I. CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Más mian leat faisnéis bhreise a iarraidh nó aon cheann de na cearta thuas a chur i bhfeidhm, nó má tá tú míshásta leis an gcaoi a phróiseálamar do Shonraí Pearsanta, déan teagmháil lenár nOifigeach um Chosaint Sonraí ag: dpo@coopersurgical.com.

Sula ndéanfaimid d'iarratas a phróiseáil, féadfaimid faisnéis bhreise a iarraidh chun tú a aithint. Má theipeann ort an fhaisnéis iarrtha a sholáthar agus mura féidir linn tú a aithint dá bharr, féadfaimid diúltú do d'iarratas a chur i gcrích.

Freagróimid do d'iarratas laistigh de mhí amháin de ghnáth. Is féidir linn síneadh ama dhá mhí a chur leis seo más gá, ag cur san áireamh choimpléascacht agus líon na n-iarratas a chuir tú isteach.

Ní ghearrfaimid muirear ort as an gcumarsáid ná ár gcuid gníomhartha, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- iarrann tú cóipeanna breise de na Sonraí Pearsanta agat atá á bpróiseáil, nuair is féidir linn muirear a ghearradh ort as costais réasúnta riaracháin, nó
- má chuireann tú isteach iarratais gur soiléir nach bhfuil bunús leo, nó an iomarca iarratas, go háirithe toisc a nádúr athráiteach, nuair is féidir linn muirear a ghearradh ort as costais réasúnta riaracháin nó diúltú don iarratas a chur i gcrích.

Má tá tú míshásta lenár bhfreagra ar do ghearán nó má chreideann tú nach bhfuil an dlí um chosaint sonraí á chomhlíonadh againn maidir le próiseáil do Shonraí Pearsanta, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an údarás cuí um chosaint sonraí. Is é an t-údarás um chosaint sonraí sa Danmhairg ná an tArdchigire um Chosaint Sonraí Pearsanta (*Datatilysnet*), nó a chomharba.